

7 Earráidí i riarachán pá agus pinsean na seirbhíse poiblí

- 7.1** Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) in 2014 mar oifig riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (An Roinn Caiteachais Phoiblí). I mí Eanáir 2018, rinneadh oifig nua ar leith den NSSO go foirmiúil lena hoifigeach cuntasáíochta vótaí féin.
- 7.2** Tá an NSSO freagrach as seirbhísí corparáideacha coitianta áirithe – na seirbhísí comhroinnte – a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta, go príomha do ranna rialtais. Mar chuid de seo, soláthraíonn sé seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla do thart ar 60 comhlacht cliaint.¹ Áirítear leis na seirbhísí seo riarachán pinsean agus íocaíochtaí pinsean.
- 7.3** Téann an NSSO i gcomhaontú seirbhíse le gach comhlacht cliaint ina sonraítear na téarmaí agus coinníollacha a bhíonn mar bhonn leis na seirbhísí comhroinnte atá le soláthar. Leagtar amach sa chomhaontú seo, *inter alia*, go ngeallann an NSSO gach idirbheart a chuireann an comhlacht cliaint in iúl di a phróiseáil.
- 7.4** Léirítear idirbhearta airgeadais a phróiseálann an NSSO, mar ghníomhaire thar ceann comhlachta cliaint, i gcuntais bhliantúla/ráitis airgeadais an chomhlachta cliaint. Dá bhrí sin, is ar gach cliant atá an fhreagracht agus an cuntasacht as na hidirbhearta, lena n-áirítear comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta rialtais ábhartha.
- 7.5** Fostaíonn an NSSO iniúcháirí neamhspleácha gach bliain chun dearbhú foirmiúil a thabhairt maidir le hoibriú a rialuithe.² Eisíonn an NSSO litir chuig gach ceann de na comhlachtaí cliaint a bhaineann leas as a sheirbhísí, bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí dearbhaithe. Bíonn comhlachtaí cliaint ag brath ar an litir sin lena dhearbhu go bhfeidhmíonn an NSSO rialuithe iomchuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar.
- 7.6** Gearrtar costais cnapshuime pinsin agus scoir do státseirbhísigh agus do phearsanra gaolmhar go lárnach ar Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir (Vóta 12). Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí an Vóta a bhainistiú agus tugann sí cuntais air, a rialaíonn beartas pinsin na hearnála poiblí agus a thacaíonn le riarachán scéimeanna pinsin na státseirbhíse freisin. Chuir an NSSO tús le soláthar riarachán pinsean seirbhísí comhroinnte thar ceann Vóta 12 i mí na Nollag 2015.
- 7.7** B'ionann luach comhiomlán na n-íocaíochtaí pinsin a riaradh trí Vóta 12 in 2024 agus €871 milliún. B'ionann pinsin san earnáil oideachais agus oiliúna á riaradh ag an NSSO in 2024 agus €346 milliún breise.³

¹ Áirítear leis seo ranna agus oifigí rialtais láir agus comhlachtaí seirbhíse poiblí eile a bhaineann leas as seirbhísí comhroinnte. Cuireann an NSSO seirbhísí riaracháin pinsean ar fáil freisin do roinnt comhlachtaí oideachais dara leibhéal agus ardoideachais agus breisoideachais atá maoinithe go poiblí.

² Déantar na hiniúchtaí i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe (ISAE 3402) *Tuarascálacha Dearbhaithe ar Rialuithe ag Eagraíocht Seirbhíse*.

³ Baineann sé sin le boird oideachais agus oiliúna, ollscoileanna teicneolaíochta agus institiúidí teicneolaíochta.

Fócas an scrúdaithe

- 7.8** Rinneadh an imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca ba chúis le teipeanna sna rialuithe a bhí i bhfeidhm ag an NSSO i leith trí chatagóir neamhchaighdeánacha de chásanna pá agus pinsin. D'aithin an NSSO na teipeanna in 2024 agus 2025 i réimse cúinsí. Bhain na teipeanna le
- dliteanais chánach ar phinsin ardluacha nach bhfuil á gcur i bhfeidhm nó nach bhfuil á n-íocadh ar an mbealach riachtanach.
 - míríomh ar roinnt ranníocaíochtaí pinsin aireachta, ranníocaíochtaí breise aoisliúntais agus bronnadh tuarastail.
 - míríomh ar shochair scoir a íocadh le roinnt iar-státseirbhíseach a d'oibrigh go páirtaimseartha ar feadh tréimhse le linn a ngairmeacha beatha.
- 7.9** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar cháipéisíocht agus d'eisigh siad fiosrúcháin fhoirmiúla iniúchóireachta chuig an NSSO, chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus chuig an Roinn Airgeadais. Chuir an fhoireann imscrúdaithe agallamh ar bhaill foirne ábhartha san NSSO freisin agus rinne siad iniúchadh ar an láthair ar rialuithe tosaithe pinsin an NSSO.
- 7.10** Tá na saincheisteanna a scrúdaíodh éagsúil, agus mar sin cuirtear na torthaí i láthair ina trí gcuid.

A. Cánachas ar phinsin ardluacha

- 7.11** Faoi dhlí cánachais, tá duine aonair i dteideal suim saoil saor ó cháin suas le €200,000 a fháil i gcnaphshuimeanna scoir ó gach foinse. Tá méideanna cnapshuime comhiomlána idir €200,001 agus €500,000 faoi réir cánach siarchoinneálaí (WHT) ag an ngnáthráta cánach ioncaim (20%). Gearrtar cáin ar mhéideanna os cionn €500,000 ag ráta 40% (an ráta cánach ioncaim is airde).
- 7.12** Ar leithligh, foráiltear do bharrachas cánach inmhuirir (CET) faoi dlí cánachais.¹ Bíonn daoine atá ag dul ar scor faoi dhliteanas CET a íoc ar luach carnach (measta) a sochar pinsin saoil (lena n-áirítear méideanna cnapshuime) os cionn an ‘tairseach ciste chaighdeánach’ reachtúil (SFT). Is é €2 mhilliún an luach ar an SFT reatha, atá i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2014.² Tá an méid breise faoi dhliteanas CET ag 40%.

Ríomh CET

- 7.13** Is féidir go mbeadh ríomh an CET do phinsin na hearnála poiblí casta. Áirítear le sochair scoir channacha agus scéimeanna pinsin seirbhíse próbháideacha agus poiblí araon laistigh den Stát a fhabhraítear chuig duine aonair ar dhul ar scor dóibh.
- 7.14** Ní féidir aon fhaoisimh, lamhátais ná asbhaintí a fhritháireamh i gcoinne dhliteanas an CET. Mar sin féin, féadfar aon WHT a íocann duine aonair ar íocaíocht(aí) cnapshuime scoir a fhritháireamh i gcoinne dhliteanas an CET.
- 7.15** I measc na modhanna ríofa le haghaidh luach measta na sochar pinsin tá iolraitheoir a úsáidtear chun luach a chur ar shruth íocaíochtaí pinsin amach anseo i.e. pinsean bliantúlaithe ar dháta an scoir iolraithe faoin iolraitheoir. D’athraigh luach an iolraitheora ar an 1 Eanáir 2014 ó bhunráta go hiolraitheoir a bhaineann le haois. Ón dáta sin
- ríomhtar sochair phinsin a fabhraíodh roimh 2014 ag baint úsáid as iolraitheoir caighdeánach de 20
 - ríomhtar pinsin a fhabhraítear ó 2014 go dtí an dáta scoir trí úsáid a bhaint as iolraitheoir a bhaineann le haois.
- 7.16** Léiríonn Fíor 7.1 sampla léiritheach de conas a ríomhtar CET.

¹ Foráiltear do CET faoi chuid 30, caibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997 (TCA 1997) a tugadh isteach in 2006 trí ailt 787O go 787U agus sceideal 23B a bheith curtha isteach.

² Socraíodh an SFT ag €5 milliún tráth a tugadh isteach é. Laghdaíodh go €2.3 milliún é le héifeacht ón 7 Nollaig 2010 agus laghdaíodh tuilleadh é go €2 mhilliún le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Forálann an tAcht Airgeadais, 2024 do mhéadú céimnithe go €2.8 milliún ar luach an SFT idir 2026 agus 2029.

Fíor 7.1 Barrachas cánach inmhuirir a ríomh— sampla léiritheach

Sampla CET ag obair			Tábla fachtóirí a bhaineann le haois	
Téann státseirbhíseach ar scor ar an 2 Deireadh Fómhair 2024 ag aois 60 le 40 bliain seirbhíse			Aois ar dhul ar scor	Fachtóir ábhartha a bhaineann le haois
€				
Luach saothair inphinsin an 2 Deireadh Fómhair 2024 ^a	180,000		Suas le/lena n-áirítear 50	37
Pinsean bliantúil á ríomhadh an 2 Deireadh Fómhair 2024	90,000		51	36
Cnapshuim a ríomhadh an 2 Deireadh Fómhair 2024	270,000		52	36
			53	35
			54	34
Pinsean fabhraithe	€	€	55	33
Go dtí an 1 Eanáir 2014 ^b	57,769		56	33
x fachtóir 20	1,155,380		57	32
			58	31
Ón 1 Eanáir 2014	32,231		59	30
x fachtóir 30 (a bhaineann le haois)	966,930		60	30
	90,000		61	29
Cnapshuim ar dhul ar scor	270,000		62	28
Luach iomlán caipitil an 2 Deireadh Fómhair 2024	2,392,310		63	27
Lúide: tairseach ciste chaighdeánach (SFT)	(2,000,000)		64	27
Barrachais inmhuirir	392,310		65	26
CET @ 40%	156,924		66	25
Lúide: Cáin shiarchoinneálach íoctha ar bharrachas chnapshuime*	(14,000)		67	24
Dlíteanas CET dlíte (laistigh de thrí mhí)	142,924		68	24
			69	23
			70 agus os a chionn	22
* Cáin shiarchoinneálach (cnapshuim 270,000 – 200,000) x 20% = 14,000 ^c				

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Úsáidtear an méid seo chun críocha léirithe amháin.

b Tá an pinsean fabhraithe go dtí an 1 Eanáir 2014 bunaithe ar thuarastal barúlach de €158,000 amhail an dáta sin agus seirbhís fabhraithe de 29.25 bliain.

c Is ionann €200,000 agus an teorainn saor ó cháin is infheidhme maidir le cnapshuimeanna ar dhul ar scor.

CET a íoc

- 7.17** Tá oibleagáid ar riarthóir an phinsin, faoin dlí cánachais, an dliteanas CET a íoc go hiomlán le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim thar ceann an phinsinéara laistigh de thrí mhí ón uair a théann an duine ar scor. Próiseálann an NSSO, mar riarthóir pinsin, an íocaíocht CET thar ceann a chomhlachtaí cliaint.¹
- 7.18** Maidir le fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ag dul ar scor, aisghabhann riarthóir an phinsin an méid CET a íocadh thar ceann an phinsinéara trí
- aisíocaíocht iomlán ón duine aonair tráth an scoir, nó
 - ollphinsean iníoctha an duine aonair a laghdú thar thréimhse nach mó ná 20 bliain.²
- 7.19** Is socrú tráthchoda é an rogha dheireanach sin go bunúsach, trí laghdú a dhéanamh ar an ollphinsean is iníoctha leis an duine aonair — níl aon aistriú cistí i gceist. Dá bhrí sin, ní aithníonn an comhlacht seirbhíse poiblí ábhartha ioncam chun an CET a aisghabháil ina chuntas leithreasa bliantúil/ina ráitis airgeadais. Má fhaigheann an duine bás sula n-aisghabhhtar an CET go hiomlán, stopann an pinsean agus scriostar an fiach cánach atá gan íoc.

Neamhíocaíocht dliteanas CET leis na Coimisinéirí Ioncaim

- 7.20** Sainaitníodh san iniúchadh ar chuntas leithreasa 2023 do Vóta 12 gur ghearríoc NSSO méideanna dliteanais CET leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith daoine a bhí ag baint leas as an rogha an dliteanas CET a íoc thar 20 bliain. Cé gur cuireadh na laghduithe pinsin i bhfeidhm i gceart, níor íocadh an dliteanas CET comhfhreagrach leis na Coimisinéirí Ioncaim. Meastar gurbh ionann an ghanníocaíocht agus €2.3 milliún.³
- 7.21** Mar fhreagra ar thoradh an iniúchta, rinne an NSSO athbhreithniú cuimsitheach i mí Iúil 2024 ar thaifid 26 pinsinéir, thar an tréimhse 2015 go Iúil 2024, ag baint leas as an rogha a ndliteanas CET a íoc trí phinsean laghdaithe. Fuarthas san athbhreithniú nár íocadh ach €1.4 milliún i gciste ioncaim leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcás deichniúr de na pinsinéirí seo.
- 7.22** I ndiaidh an athbhreithnithe, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí nochtadh saorálach gan iarraidh leis na Coimisinéirí Ioncaim — ó Vóta 12 — de bheagán os cionn €2.3 milliún as a ganníocaíocht ar CET thar ceann 15 phinsinéir sa tréimhse 2015 go 2023. Íocadh an méid sin in 2024, mar aon le híocaíocht úis déanach de bheagnach €470,000. Rinneadh íocaíocht CET ar leithligh de thart ar €65,000 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2024 freisin a bhain le scor amháin go luath in 2024.
- 7.23** Ina dhiaidh sin, ag eascirt as cumarsáid leantach leis na Coimisinéirí Ioncaim, d'aithin an NSSO gur sholáthair sé faisnéis mhícheart maidir le luacháil pinsin i gcás amháin do na Coimisinéirí Ioncaim. Tá dliteanas CET breise ag an bpinsinéir sa chás sin atá á fhíorú faoi láthair leis an aonad áitiúil AD ábhartha.

1 Ní ghníomhaíonn an NSSO mar riarthóir pinsin do gach comhlacht poiblí. Ní riarann sé pinsin d'Óglaigh na hÉireann; don Gharda Síochána; ná do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ar an gcaoi chéanna, ní ghníomhaíonn sé mar riarthóir do phinsin aireachta agus bhreithiúnacha.

2 Tugadh isteach roghanna aisíocaíochta le haghaidh socruithe pinsin eárnála poiblí san Acht Airgeadais, 2012 agus leasaíodh iad san [Acht Airgeadais \(Uimh. 2\), 2013](#). Tugadh isteach leis an dara ceann an rogha aisíocaíochta iar-scoir suas le 20 bliain i gcás CET dlite.

3 Féach an nochtadh mionsonraithe sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais a cuireadh i láthair le [cuntas leithreasa 2023 le haghaidh Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir](#).

Athbhreithniú ar phinsin bhreithiúnacha

- 7.24** Ní íoctar pinsin bhreithiúnacha trí Vóta 12. De réir mar a fhoráiltear sa dlí, íoctar iad go díreach ón Státchiste agus tugtar cuntas orthu sna Cuntais Airgeadais bhliantúla. Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na Cuntais Airgeadais a ullmhú. Mar sin féin, tá an Roinn Caiteachais Phoiblí freagrach as riaradh pinsin na mbreithiúna, lena n-áirítear na treoracha íocaíochta a eisiúint.^{1,2}
- 7.25** I mí Iúil 2024, rinne an NSSO athbhreithniú freisin ar chásanna breithiúna ar scor a bhain leas as an rogha a ndlíteanas CET a íoc trí phinsin laghdaithe.³ Chlúdaigh raon feidhme an athbhreithnithe pinsin 26 breithiúnach ar scor idir 2020 agus Iúil 2024.
- 7.26** Aithníodh san athbhreithniú, cé gur laghdaíodh go hiomchuí na pinsin a íocadh, nár íocadh CET agus WHT a bhain le triúr iarbhall de na breithiúna leis na Coimisinéirí Ioncaim. Nuair a aithníodh an earráid, rinne an Roinn Airgeadais (ar threoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí) íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2024 arbh ionann í agus €248,000.⁴ Íocadh ús ar an íocaíocht dhéanach de €28,000 trí Vóta 12. Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí gur íocadh an t-ús tríd an vóta seo mar nach bhfuil aon bhunús dlíthiúil ann lena gceadaítear íoc an úis go díreach ón Státchiste.

Neamhríomh ar dhliteanais CET

- 7.27** Go luath i mí an Mhárta 2025, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim taifid CET agus ríomhanna gaolmhara do 17 bpinsinéir ainmnithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí.⁵
- Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí an fhaisnéis iarrtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le 7 de na 17 bpinsinéir. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar na cásanna seo ar siúl i gcónaí.
 - Rinne an NSSO imscrúdú ar na deichniúr pinsinéirí eile a tháinig faoina riarachán. D'aithin NSSO nach raibh ríomh CET déanta i gcás seisear as na deichniúr pinsinéirí tráth a scoir. Fuair NSSO amach gur sháraigh gach ceann de na sé chás an SFT tráth an scoir, agus dá bharr sin, go raibh dlíteanas CET ann maidir leis na cásanna sin.⁶ Chuir sé na taifid don seisear pinsinéirí eile ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim.
- 7.28** I mí an Mhárta 2025, chuir an NSSO tús le hathbhreithniú ar dhaoine a chuaigh ar scor ag gráid Phríomhoifigigh agus níos airde chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu ar gearradh dlíteanais CET agus WHT a bhí dlite tráth an scoir ar an bpinsinéir agus ar íocadh iad leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse riachtanach. Clúdaíodh thart ar 1,300 scor san athbhreithniú idir 2015 agus 10 Iúil 2025. I mí na Bealtaine 2025, leathnaigh an NSSO an t-athbhreithniú chun 1,500 scor breise ag grád an Phríomhoifigigh Chúnta a áireamh sa tréimhse chéanna. Tá sé ráite ag an NSSO go bhfuil súil aige go mbeidh an t-athbhreithniú ar scor ag grád an Phríomhoifigigh Chúnta críochnaithe faoi Dheireadh Fómhair 2025.

1 Foráiltear dó seo faoi alt 9(1)(a)(iv)(IV) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.

2 Ní phróiseálann an NSSO ach na treoracha maidir le híocaíocht na bpinsean seo.

3 Spreag saincheisteanna CET a tháinig chun cinn ar Vóta 12 an t-athbhreithniú seo.

4 Nochtar an íocaíocht dhéanach i gCuntais Airgeadais 2024.

5 Tháinig an t-iarratas ar thaifid chun cinn mar fhreagra ar athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar nochtadh saorálach na Roinne Caiteachais Phoiblí in 2024.

6 Sonraíodh san imscrúdú gur ríomhadh dlíteanais WHT do gach ceann de na sé chás tráth an scoir agus gur íocadh iad leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse riachtanach.

Impleachtaí airgeadais

7.29 Ó fhiosrúchán na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2025, tá sé aitheanta sna chéad thorthaí ó athbhreithniú an NSSO ar na thart ar 2,800 pinsinéir go bhfuil dliteanas CET agus/nó dliteanas WHT gan íoc ag líon beag pinsinéirí.

7.30 Amhail an 10 Iúil 2025, tá dliteanais cinntithe ag an NSSO do 19 gcás inar sáraíodh an SFT tráth an scoir, ach ní dhearnadh ríomhanna ar an CET. Fíoraíodh gach cás le haonad achtúireach na Roinne Caiteachais Phoiblí. Bhain formhór na gcásanna le scoir a tharla in 2022 agus 2023. Tá raon na ndliteanas aonair a cinneadh idir níos lú ná €300 agus os cionn €211,000. Meastar gurb ionann an méid iomlán atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim i leith na gcásanna seo agus beagán faoi bhun €1.43 milliún (féach Fíor 7.2).

Fíor 7.2 Líon agus luach dliteanais CET a cinneadh, de réir bliana scoir, amhail an 10 Iúil 2025

Bliain scoir	Líon na gcásanna ^{a,b}	Luach an dliteanais €
2017	1	5,074
2022	6	327,005
2023	12	1,094,719
Iomlán	19	1,426,798

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear leis na 19 gcás agus 6 chás a shainaithin an NSSO de bhun fhiosrúchán na gCoimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2025.
b Tá trí chás a sainaithníodh i gcás dliteanais CET sainaitheanta i gcás dliteanais WHT freisin.

7.31 Mar chuid den athbhreithniú céanna, shainaithin an NSSO 19 gcás nár íocadh dliteanais WHT leis na Coimisinéirí Ioncaim. Dúirt an NSSO gurbh iad na príomhchúiseanna ba mhó leis seo ná

- nach raibh an WHT á ríomh tráth an scoir;
- CBL a baineadh den chnapshuim tráth an scoir ach nár íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim;
- fágáil méideanna cnapshuime ciste pinsin phríobháidigh ar lár agus fáltais cnapshuime saoil á ríomh ar dháta an scoir.

7.32 Tá dliteanais WHT idir €70 agus os cionn €22,000. Is é an méid iomlán atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim as na 19 gcás seo ná thart ar €85,000 (féach Fíor 7.3).

7.33 Is iad na gráid ghaolmhara do na pinsinéirí a bhfuil dliteanais CET agus/nó WHT le hóc acu — Ard-Rúnaí; Leas-Rúnaí; Rúnaí Cúnta; Príomhoifigeach; Príomhoifigeach Cúnta; agus dhá phost speisialaithe eile.

Fíor 7.3 Líon agus luach dliteanais WHT a cinneadh, de réir bliana scoir, amhail an 10 Iúil 2025

Bliain scoir	Líon na gcásanna ^a	Luach an dliteanais €
2016 – 2019	3	3,847
2021	5	19,959
2022	5	10,620
2023	5	27,807
2024	1	22,319
Iomlán	19	84,552

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá trí cinn de na cásanna a sainaitníodh le haghaidh dliteanais WHT sainaitheanta le haghaidh dliteanais CET freisin.

Socruithe aisíocaíochta de chásanna a cinneadh

7.34 Tá treoir tugtha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí don NSSO

- nach n-íocfar dliteanais CET gan íoc leis na Coimisinéirí loncaim go dtí go mbeidh plean aisghabhála comhaontaithe i bhfeidhm leis an bpinsinéir ábhartha agus¹
- aon ús agus pionóis a bhaineann le dliteanais CET agus WHT gan íoc a íoc ó vóta an NSSO féin — Vóta 18.

7.35 Dúirt an NSSO gur cuireadh tús le teagmháil leis na 19 bpinsinéir a bhfuil dliteanas CET orthu chun socruithe aisghabhála a chur i bhfeidhm. Amhail an 10 Iúil 2025

- bhí comhaontuithe déanta ag seachtar pinsinéirí chun a ndliteanais CET a aisíoc trí asbhaint óna bpinsean thar 20 bliain;²
- bhí pinsinéir eile tar éis an dliteanas CET (€276) a aisíoc go hiomlán.

7.36 De bhun na gcomhaontuithe seo, tá ocht ndliteanas CET íoctha ag Vóta 12 arb ionann iad agus thart ar €484,000 leis na Coimisinéirí loncaim. Tá an t-ús gaolmhar de thart ar €81,000 agus pionóis de €24,000 i ndiaidh a bheith gearrtha ar Vóta 18.

7.37 Íocadh 15 dhliteanas WHT le Vóta 12 arbh fhiú thart ar €53,000 iad leis na Coimisinéirí loncaim freisin. Tá an t-ús gaolmhar de thart ar €13,000 i ndiaidh a bheith gearrtha ar Vóta 18. Ní bhaineann pionóis le híocaíocht dhéanach den WHT.

1 Níor chlúdaigh an treoir seo íocaíocht na ndliteanas WHT.

2 Déanfar tús na tréimhse 20 bliain a shiardhátú, i ngach cás, go dtí an dáta scoir.

- 7.38** Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara go ndearnadh na híocaíochtaí WHT leis na Coimisinéirí Ioncaim in éagmais socrúithe foirmiúla aisíocaíochta a bheith i bhfeidhm leis na pinsinéirí ábhartha. Mar sin féin, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí in iúl don fhoireann imscrúdaithe go bhfuil foráil ann maidir le haisghabháil an WHT laistigh den reachtaíocht.¹

Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim

- 7.39** Chuir an NSSO in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Bealtaine 2025 go raibh sé beartaithe acu nochtadh iomlán saorálach a dhéanamh ar gach cás a aithníodh a bhfuil dliteanas CET agus/nó WHT ag eascairt as a athbhreithnithe ina leith.
- 7.40** Mar sin féin, i mí an Mheithimh 2025, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don NSSO gur roghnaíodh iad le haghaidh iniúchadh CET agus WHT a chlúdaíonn an tréimhse 2015 go dtí seo.² Níl aon torthaí ná dliteanais fhéideartha a eascraíonn as iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim socraithe go fóill toisc go bhfuil an t-iniúchadh ar siúl i gcónaí.

Cliseadh ar rialuithe

- 7.41** Ceanglaítear ar dhaoine atá ag dul ar scor fógra tráthúil faoina scor a thabhairt dá AD áitiúil agus/nó don NSSO. Nuair a fhaightear fógra ó dhuine atá ag dul ar scor, déanann an NSSO an cás a phróiseáil i gcomhairle le AD áitiúil an duine atá ag dul ar scor agus, i gcás ina dtagann dliteanas CET chun cinn, leis an Roinn Caiteachais Phoiblí.

1 Foráiltear dó seo in Alt 790AA(6)(b)(ii), arna leasú, den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997

2 Cuireadh tús le hiniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim i mí Iúil 2025. Ciallaíonn sé sin nach féidir leis an NSSO leas a bhaint as an rogha chun nochtadh cáilitheach iarrtha a dhéanamh a thuilleadh.

3 Tá próiseas tosaithe pinsin agus 19 gcéim an NSSO mionsonraithe in larscríbhinn 7A.

4 D'aithin an NSSO an chéim a bhí in easnamh ar athbhreithniú 26 chás scoir, mar fhreagra ar thoradh iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in 2023 maidir le ganníocaíocht dhliteanais CET leis na Coimisinéirí Ioncaim.

5 D'aithin an NSSO é seo mar fhreagra ar chomhfhreagras a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim i mí an Mhárta 2025.

- 7.42** Tá próiseas 19 gcéim ag an NSSO chun pinsin agus cánacha gaolmhara a athbhreithniú agus a íoc agus pinsinéirí á n-aistriú óna bpárolla reatha go párolla pinsin.³ Is pá láimhe iad íocaíochtaí CET ón NSSO leis na Coimisinéirí Ioncaim agus níl siad comhtháite le córas párolla an NSSO. I lár 2024, d'aithin an NSSO go raibh céim amháin (céim 14) ina phróiseas á fágáil ar lár go minic, céim chun treoir a thabhairt maidir le híocaíocht CET leis na Coimisinéirí Ioncaim.⁴
- 7.43** Ina dhiaidh sin, in 2025, d'aithin an NSSO freisin, i gcásanna áirithe, gur fágadh ar lár céim 12 ina phróiseas chun treoir a thabhairt maidir le híocaíocht WHT, a asbhaineadh ó chnapshuimeanna scoir, leis na Coimisinéirí Ioncaim freisin.
- 7.44** Ar leithligh, i mí an Mhárta 2025, shainaithin an NSSO nach raibh gá le céim 4 ina phróiseas, lena dtugtar treoir maidir le ríomh an CET, ach amháin i gcás gráid Ard-Rúnaí, a gcoibhéis agus níos airde ná sin.⁵ Níor scrúdaigh an NSSO scoir ag gráid níos ísle, mar shampla, leibhéal an Rúnaí Cúnta, grád an Phríomhoifigigh nó a choibhéis, le haghaidh dliteanas féideartha CET. Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara nach bhfuil aon 'spreagadh' i gcóras an NSSO chun athbhreithniú ar ghráid eile a ghríosú. Tá céim 4 ina phróiseas (19 gcéim) ag brath ar shainaithint láimhe duine aonair a bhfuil ríomh CET ag teastáil uaidh tráth an scoir.

- 7.45** Dúirt an NSSO nár ríomhadh dliteanais CET fhéideartha do ghráid eile toisc gur glacadh leis nach rachadh a dteidlíocht pinsin charnach thar an SFT. Níor chuir an NSSO na tionchair a leanas san áireamh, i gcás na ngrád seo
- méaduithe pá ina dhiaidh sin;
 - an t-athrú ar mhodh ríofa an CET ó 2014 (i.e. an fachtóir aoise); agus
 - (roinnt) fostaithe sa tseirbhís phoiblí ag a bhfuil pinsin phríobháideacha freisin.
- 7.46** Ina theannta sin, bhí an t-athbhreithniú ar CET a rinne an NSSO in 2024 teoranta do cé acu a bhí na méideanna CET uile a ríomhadh íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim. Níor bhreithnigh an t-athbhreithniú an raibh CET ríofa ar an gcéad dul síos.
- 7.47** D'aithin an NSSO freisin in 2025, i gcásanna áirithe, gur fágadh céim 3 ina phróiseas ar lár, chun an WHT a ríomh ar chnapshuimeanna scoir. Tharla sin mar gheall ar dhearmad nuair nár cuireadh cnapshuimeanna saoil a fuarthas san áireamh agus luach foriomlán an bharrachais cnapshuime á ríomh.
- 7.48** Dúirt an NSSO gur cuireadh rialuithe nua i bhfeidhm, lena n-áirítear rochtain don Roinn Caiteachais Phoiblí ar shonraí íocaíochta CET agus WHT ar bhonn fíor-ama agus foireann láraithe nua-bhunaithe chun CET agus WHT a dhéanamh agus a íoc. Dhearbhaigh sé freisin, ó mhí Lúnasa 2025 i leith, go ndéantar seiceáil anois ar dhliteanais CET agus WHT ar gach pinsinéir, beag beann ar a ngrád. Tá tús curtha freisin le hoiliúint fhoireann NSSO maidir le CET agus WHT a dhéanamh agus a íoc.

B. Pinsin aireachta, ranníocaíochtaí breise aoisliúntais agus géilleadh/bronnadh tuarastail

- 7.49** Faigheann Comhaltaí den Dáil (Teachtaí Dála) tuarastail i leith a mballraíochta a dhéanann Tithe an Oireachtais a riaradh.
- 7.50** Faigheann Teachtaí Dála a cheaptar mar shealbhóirí oifige rialtais — an Taoiseach, an Tánaiste, airí Rialtais agus Airí Stáit — liúntas breise freisin. Íocann an Roinn a bhfuil an sealbhóir oifige sannta di na liúntais sin, agus meastar gur fostaíocht fochuideachta í an fhostaíocht.¹ Próiseálann an NSSO íocaíocht na liúntas 'aireachta' seo thar ceann na ranna rialtais faoi seach.
- 7.51** Tá dhá scéim pinsin i bhfeidhm do Theachtaí Dála.
- *Scéim Pinsean Thithe an Oireachtais (Comhaltaí)*, ar a dtugtar Scéim Pinsean na gComhaltaí freisin (baineann sí le Teachtaí Dála a ceapadh den chéad uair roimh 2013).
 - *An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair*, ar a dtugtar an 'Scéim Aonair' freisin (infheidhme maidir le Teachtaí Dála a ceapadh den chéad uair ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis).
- 7.52** Tá na sochair phinsin sa scéim aonair bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme. Cuireann TDanna 13% dá luach saothair inphinsin lena sochar scoir.² Is minic a thugtar scéim 'fabhrú tapa' air seo ina bhfabhraíonn baill na sochair is mó níos tapúla ná gnáthbhaill fabhráithe, mar shampla, státseirbhísigh.³
- 7.53** Déanann státseirbhísigh ranníocaíocht lena sochair scoir leis an scéim aonair ag ráta comhcheangailte 3% dá luach saothair inphinsin comhlán móide 3.5% dá luach saothair inphinsin glan.⁴

1 Is é príomhfhostaíocht shealbhóir na hoifige ná mar Theachta Dála.

2 Foráiltear dó sin faoin [Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí \(Scéim Aonair agus Forálacha Eile\), 2012 \(alt 16\)](#).

3 Tá scéimeanna fabhrúithe tapa i bhfeidhm freisin do bhaill de na breithiúna agus d'fhostaíochtaí áirithe eile, mar shampla, baill den Gharda Síochána agus oifigigh phríosúin.

4 Is é an luach saothair inphinsin comhlán tuarastal bunúsach iomlán duine aonair móide aon liúntais inphinsin cheadaithe. Is é an luach saothair inphinsin glan agus luach saothair comhlán inphinsin duine aonair lúide dhá oiread luach an phinsin stáit ranníocaigh.

Mí-aicmiú pinsin aireachta

- 7.54** Tar éis bunú Rialtas nua in 2025, chuir an NSSO foireann lárnach i bhfeidhm chun na treoracha párolla d'airí nua a bhainistiú. Ní raibh roinnt airí tar éis a bheith ag feidhmiú i ról aireachta roimhe sin, agus athcheapadh iar-airí eile, i bhformhór na gcásanna chuig roinn eile.
- 7.55** Fuair an NSSO nach raibh na treoracha a fuarthas ó ranna airí faoin scéim pinsin ábhartha agus na hasbhaintí gaolmhara a bhí le cur i bhfeidhm ag teacht lena chéile. Aithníodh ann nach raibh aonaid acmhainní daonna na ranna áitiúla soiléir maidir leis an scéim pinsin cheart ba cheart a chur i bhfeidhm i gcásanna aonair. Dá bhrí sin, cuireadh roinnt daoine a bhí i seilbh oifige roimhe seo ar scéim pinsin mhícheart, rud a d'fhág gur eascair asbhaintí pinsin a bhí ró-íseal/ró-ard.
- 7.56** Tar éis fiosrúcháin ón NSSO, d'iarr na ranna ábhartha soiléiriú ón Roinn Caiteachais Phoiblí ar an ábhar. I mí Feabhra 2025, shoiléirigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, trí ríomhphost chuig gach roinn, gur cheart an scéim pinsin aonair fabhráithe tapa a chur i bhfeidhm maidir le liúntais aireachta do shealbhóirí oifige a ceapadh ón 1 Eanáir 2013 i leith.

7.57 De bhun an tsoiléirithe, fuair an NSSO treoracha athbhreithnithe ó AD na ranna áitiúla, i gcás inarb ábhartha. Áiríodh leis sin treoracha maidir le ceartú a dhéanamh ar an scéim pinsin do dhaoine a leanann ar aghaidh mar shealbhóirí oifige.

7.58 Ós rud é gur aithníodh gur fadhb oidhreachta í seo, i mí an Mhárta 2025, rinne an NSSO athbhreithniú tosaigh ar ranníocaíochtaí pinsin do na 38 aire ann faoi láthair. Scrúdaíodh san athbhreithniú treoracha reatha na scéime pinsin agus treoracha na scéime pinsin do na rólí aireachta roimhe seo go léir, siar go dtí a gcéad cheapachán aireachta.

Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise

7.59 Is tobhaigh iad ranníocaíochtaí aoisliúntais breise (ASCanna) a íocann fostaithe seirbhíse poiblí atá ina mbaill de scéim pinsin seirbhíse poiblí, a fhaigheann íocaíocht in ionad pinsin nó cnapshuim scoir *ex-gratia* ar a luach saothair inphinsin. Íoctar na ASCanna sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí fostaithe dá bhforáiltear dóibh sa scéim pinsin ábhartha. De ghnáth, coinníonn na ranna ábhartha fáiltais ASC agus úsáidtear iad chun maoiniú vótáilte a fhorlíonadh. I gcodarsnacht leis sin, déantar ranníocaíochtaí fostaithe scéime pinsin is iníochta faoin scéim aonair a tharchur chuig Vóta 12.

7.60 Ní bhaineann ASCanna ach le luach saothair inphinsin comhlán fostaithe. Gearrtar ASCanna ar rátaí difriúla ag brath ar an scéim pinsin is infheidhme.¹

7.61 De bhun an athbhreithnithe tosaigh ar ranníocaíochtaí pinsin na n-airí reatha, d'iarr an NSSO soiléiriú ón Roinn Caiteachais Phoiblí maidir le haon tionchair fhéideartha ar ASCanna.

7.62 I mí an Mhárta 2025, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí doiciméad faisnéise chuig an NSSO ag soiléiriú na gceanglas pinsin agus ASC do shealbhóirí oifige rialtais.

7.63 Tar éis an doiciméad faisnéise a fháil, rinne an NSSO athbhreithniú ar na méideanna a d'íoc airí reatha, siar go dtí gur tugadh isteach na ASCanna in 2019. Sainithin sé ganníocaíochtaí glana agus ró-íocaíochtaí glana ag sealbhóirí oifige i leith ranníocaíochtaí pinsin agus ASCanna.²

7.64 De bhun na neamhréireanna a sainithníodh, rinne an NSSO athbhreithniú níos leithne chun cruinneas na n-asbhaintí pinsin agus ASC a mheasúnú d'oifigigh shinsearachacha áirithe.³ Áiríodh leis seo airí reatha, iar-airí agus sealbhóirí oifige ainmnithe. Rinne an t-athbhreithniú scrúdú ar asbhaintí i ngach cás ó thús na scéime aonair in 2013 agus tabhairt isteach na ASCanna in 2019.

1 Féach na rátaí ASC is infheidhme ag larscribhinn 7B.

2 D'iarr an Roinn Caiteachais Phoiblí freisin go ndéanfaidh an NSSO seiceáil ar chohórt pinsin eile agus athbhreithniú á dhéanamh aige. Aithníodh saincheistean comhchosúla don chohórt sin freisin.

3 Tá na hoifigigh atá clúdaithe ag an athbhreithniú liostaithe in ailt 20 go 25 den [Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí \(Scéim Aonair agus Forálacha Eile\), 2012](#).

7.65 Fuarthas an méid seo a leanas san athbhreithniú

- bhí roinnt airí sannta don scéim pinsin mhícheart, nó i gcásanna áirithe, ní raibh aon scéim pinsin ceangailte lena liúntas aireachta — rud a d'fhág go raibh asbhaintí pinsin míchearta ann (os cionn agus faoi bhun an leibhéil iomchuí).
- caitheadh leis an liúntas do roinnt airí mar phríomhfhostaíocht agus ní mar fhostaíocht fochuideachta, agus mar thoradh air sin cuireadh tairseacha míchearta i bhfeidhm agus a ndliteanas ASC á ríomh — rud a d'fhág go raibh asbhaint neamhleor ASCanna ag tarlú.
- ba cheart go mbeadh roinnt airí a sannadh don Scéim Pinsean Aonair curtha ar an scéim neamhranníocach réamh-2013 — rud a d'fhág go raibh ró-asbhaint mhícheart ann chun críocha pinsin.
- de dheasca a bheith ar an scéim pinsean mhícheart, sannadh ráta ASC gaolmhar mícheart do roinnt airí — agus mar thoradh air sin rinneadh asbhaintí ASC míchearta (os a chionn agus faoi bhun an leibhéil iomchuí).

Bronnadh agus géilleadh tuarastail

7.66 Le socrú géilleadh nó bronnta tuarastail, is féidir le daoine aonair cuid dá bpá, nó dá liúntais, a thabhairt suas go deonach ar ais don Stát.

7.67 I mí Aibreáin 2025, de bhun a hathbhreithnithe ar chás ranníocaíochta pinsin, shoiléirigh an Roinn Caiteachais Phoiblí go bhfuil pá a bhronntar/a thugtar suas go deonach faoi réir ASCanna, toisc go bhfabhraítear teidlíochtaí pinsin ar an luach saothair iomlán inphinsin.^{1,2}

7.68 Tar éis imscrúdaithe, fuair an NSSO amach go bhfuil a chóras párolla cumraithe le déileáil le bronnadh tuarastail mar ghné atá díolmhaithe ó ASCanna, mar aon leis an géilleadh tuarastail pas taistil.³ Dúirt an NSSO gur cuireadh tús leis seo in 2008 maidir leis na hasbhaintí a bhain le pinsin roimhe seo.⁴ Mar sin féin, faoi alt 29 den Acht um Phá agus Pinsean na Seirbhíse Poiblí, 2017 (arna leasú), meastar go bhfuil gach bronnadh tuarastail/géilleadh deonach pá inphinsin agus dá bhrí sin tá sé faoi réir ASCanna ó tugadh isteach é (in 2019).

7.69 Mar thoradh ar an gcaoi a ndéileáiltear le bronnadh tuarastail mar ghné atá díolmhaithe ó ASCanna, tá ganníocaíochtaí ASCanna déanta ag daoine a rinne bronnadh tuarastail/géilleadh pá go deonach ó 2019. De bhun sin, bhreathnaigh an NSSO ar a athbhreithnithe roimhe seo ar phinsin agus ar ASCanna chun a chinntiú go raibh bronnadh tuarastail/géilleadh deonach pá á mbreithniú freisin.

Impleachtaí airgeadais

7.70 Amhail an 25 Iúil 2025, tá sé deimhnithe ag an NSSO go raibh tionchar ag asbhaintí míchearta pinsin agus ASC ar 81 duine aonair (féach Fíor 7.4).

1 Bhí ann don soiléiriú seo mar fhreagra ar fhiosrúchán a chuir an NSSO ar chur i bhfeidhm ASC maidir le bronnadh tuarastail airí.

2 Ní áirítear bronnadh tuarastail sa sainmhíniú ar ghéilleadh tuarastail mar a fhoráiltear in ailt 112B agus 118B den Acht Comhdhlúite Cánach, 1997.

3 Tá géilleadh tuarastail don scéim pas taistil agus don scéim rothaíochta chun na hoibre díolmhaithe ó ASCanna.

4 Tugadh isteach asbhaintí a bhaineann le pinsin mar bheart sealadach in 2009 agus gearradh iad ar gach luach saothair inchánach. Tháinig ASC in ionad na n-asbhaintí a bhain le pinsin in 2019.

- 7.71

Tá an NSSO tar éis cainníochtú a dhéanamh ar ghanníocaíochtaí glana iomlána dlite ag beagnach €353,000. Cuimsítear leis seo aisíocaíochtaí glana iomlána de bheagán os cionn €41,000 a ró-íocadh ag seisear daoine aonair, agus ganníocaíochtaí glana iomlána de thart ar €394,000 le haisghabháil ó 75 duine aonair. As an méid sin, baineann 90% le ganníocaíochtaí ASC agus baineann an t-iarbhéid le ganníocaíochtaí ranníocaíochta pinsin. Is mar gheall ar mhí-aicmiú ASCanna de bharr treoracha míchearta ballraíochta scéime pinsin agus bronnadh tuarastail is mó a tharla na ganníocaíochtaí ASC. Tá raon leathan cásanna i gceist sna 81 cás a cinneadh, idir aisíocaíochtaí glana de bheagán os cionn €22,000 agus dliteanais ghlana de bheagán faoi bhun €35,000.
- 7.72

Dúirt an NSSO, amhail an 25 Iúil 2025, go bhfuil pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm do 12 chás, go bhfuil aisíocaíochtaí próiseáilte i gcás ceithre chás, agus go bhfuil cás amháin aisíochta go hiomlán. Tá 11 chás eile i mbun pleananna aisíocaíochta a shocrú. Níl fógra le bheith tugtha ar fad do níos mó ná leath de na híocóirí go léir faoina ndliteanas ná faoina n-aisíocaíocht.

Fíor 7.4 Dliteanas glan na gcásanna a raibh tionchar thíos, amhail an 25 Iúil 2025

Grúpa íocaí	Líon na gcásanna	Dliteanas glan ranníocaíochta pinsin/ (aisíocaíocht dlite) €	Dliteanas glan ASC/ (aisíocaíocht dlite) ^a €	Glandliteanas €
Airí ^b	32	(7,016)	174,665	167,649
Iar-airí ^c	40	8,310	134,921	143,231
Sealbhóirí oifige ainmnithe	6	35,696	(434)	35,262
Státseirbhísigh	2	—	2,372	2,372
Eile	1	—	4,209	4,209
Iomlán	81	36,990	315,733	352,723

Foinse:

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a

Tá méid dliteanais glan an ASC curtha i leith mí-aicmiú ASCanna ar phinsin, bronnadh, fostaíocht fochuideachta agus stádas mícheart ASC.

b

Áirítear airí agus Airí Stáit.

c

Tá seachtar de na hiar-airí ag feidhmiú mar Theachtaí Dála faoi láthair.

C. Liúntais pháirtaimseartha ar dhul ar scor

- 7.73** Faoi roinnt scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí oidhreachta, ríomhtar sochair phinsin duine aonair trí thagairt a dhéanamh dá luach saothair inphinsin deiridh agus dá seirbhís iomlán inríofa.
- 7.74** Áirítear leis an luach saothair inphinsin deiridh agus tuarastal inphinsin agus luach saothair inphinsin áirithe, amhail liúntais. De ghnáth, bíonn roinnt liúntas incheadaíthe chun críocha ríofa pinsin, mar shampla, liúntas sealaíochta, liúntas ard-dualgas agus liúntas um ghníomhú ag leibhéal níos airde. Mar sin féin, tá siad seo faoi réir deimhnithe tráth an scoir.
- 7.75** Úsáidtear modh '3 is fearr as 10' le luach liúntais athraitheacha atá san áireamh i luach saothair inphinsin deiridh fhostaí sa tseirbhís phoiblí a chinneadh.¹ Faigheann an modh seo an meán de na liúntais ó na trí bliana as a chéile laistigh de na deich mbliana roimhe sin a thugann an méid liúntais is airde.
- 7.76** Nuair a oibríonn duine go páirtaimseartha, úsáidtear iolraitheoir a léiríonn an patrún oibre chun an tseirbhís inphinsin/inríofa a chinneadh. Mar shampla, bheadh iolraitheoir 0.6 ag patrún oibre páirtaimseartha de 60% do thréimhse a seirbhíse.
- 7.77** Forordaítear leis an [Acht um Chosaint Fostaithe \(Obair Pháirtaimseartha\), 2001](#) an chaoi ar chóir sochair scoir a ríomh dóibh siúd atá ag fáil liúntas agus a bhí ag obair go páirtaimseartha, ag comhroinnt oibre nó ag baint leas as an mbliain oibre níos giorra.^{2,3} Forálann sé go n-úsáidtear an ráta coibhéise lánaimseartha (FTE) den liúntas ag an scoir chun pinsin a ríomh, mar aon le seirbhís iarbhrí an duine aonair.

1 Féach [Ciorclán 10/2008](#): [Athchóiriú Pinsean na Seirbhíse Poiblí: Modh athbhreithnithe chun liúntais inphinsin athraitheacha a ríomh chun críocha pinsin.](#)

2 Is éard is socrú comhroinnte oibre ann ná go roinntear dualgais agus pá poist lánaimseartha amháin idir beirt fhostaithe pháirtaimseartha nó níos mó.

3 Rialaítear na rialacha maidir le comhroinnt oibre sa státseirbhís le [Ciorclán 12/2013](#). Is faoi rogha na bainistíochta atá sé na socruithe comhroinnte oibre a chur i bhfeidhm agus a oibriú.

4 D'iarr an NSSO an soiléiriú i ndiaidh fiosrúcháin a d'ardaigh postroinnteoirí suas go déanach in 2024 maidir le déileáil le liúntais inphinsin le haghaidh sochar scoir.

Ríomh bunúsach ar luach saothair inphinsin:

$$(Liúntas FTE + tuarastal FTE) \times iolraitheoir seirbhíse inríofa = \text{luach saothair inphinsin}$$

Mí-ríomh liúntas páirtaimseartha ar dhul ar scor

- 7.78** Go luath in 2025, d'aithin an NSSO go raibh an chaoi ar dhéileáil siad le liúntais ar dhul ar scor mícheart i gcás roinnt pinsinéirí, tar éis soiléiriú a fháil ó rannóg pinsin na Roinne Caiteachais Phoiblí.⁴
- 7.79** Bhí an NSSO ag baint úsáid as próiseas oidhreachta trína
- cuireadh an t-iolraitheoir páirtaimseartha ábhartha i bhfeidhm ar an méid iarbhrí a íocadh (bunaithe ar na tuarascálacha 'an 3 is fearr as 10' a d'úsáid méideanna iarbhrí a thuill agus a íocadh), seachas an méid FTE;
 - cuireadh an toradh leis an tuarastal FTE ansin; agus
 - cuireadh an t-iolraitheoir seirbhíse céanna i bhfeidhm ar an toradh ansin.
- 7.80** Go bunúsach, bhí an t-iolraitheoir páirtaimseartha á chur i bhfeidhm ag an NSSO faoi dhó ar an gcuid liúntais de ríomh an phinsin.

Impleachtaí airgeadais

- 7.81** Tá ráite ag an NSSO go bhfuil obair ar siúl chun luach na nganníocaíochtaí a dheimhniú. Ar dtús, bhí sé aitheanta go raibh thart ar 13,000 pinsinéir ag fáil pinsin a raibh comhpháirt liúntais ann. Mar sin féin, amhail an 11 Iúil 2025, is léir go raibh stair pháirtaimseartha ag níos lú ná 2,000 de na pinsinéirí seo sna deich mbliana sula ndeachaigh siad ar scor.
- 7.82** Tá an NSSO ag obair freisin chun cohóirt eile a aithint a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag laghdú uaireanta oibre orthu, mar shampla, an bhliain oibre níos giorra.
- 7.83** Tá ráite ag an NSSO
- ó aithníodh an cheist, go ndéanann sé seiceáil anois ar gach cás scoir nua lena chinntiú go léirítear liúntais i gceart sna pinsin uile a ríomhtar.
 - go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige freisin ar na tuarascálacha '3 is fearr as 10', ach go mbeidh gá le tástáil a dhéanamh orthu seo.
 - tá tús curtha aige freisin le sampláil láimhe ar chásanna iarbhir chun sonraí tástála a fhorbairt a dheimhneoidh an bhfuil a mhodheolaíocht iomchuí.
 - ós rud é nár thosaigh sé ag déanamh pinsin ach in 2013, beidh ar ranna aonair athbhreithniú a dhéanamh ar aon chásanna páirtaimseartha roimhe seo, ó thosach feidhme an Achta in 2001.
 - déanfaidh an NSSO aon athbhreithnithe a eascraíonn as sin a chur i gcrích ansin ar threoracha ó na ranna tionscnaimh.

Conclúidí

- 7.84** Tá socruithe pinsin seirbhíse poiblí tar éis athrú le himeacht ama, agus téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm maidir le grúpaí comhleanúnacha d'iontrálaithe, agus rialacha sonracha maidir le haistrithe ó chatagóir fostaíochta amháin go catagóir fostaíochta eile. Rinneadh na socruithe níos casta mar gheall ar chur i bhfeidhm sealadach 'asbhaintí a bhaineann le pinsin' ó 2009 (mar fhreagra ar an ngéarchéim airgeadais), ar tháinig 'ranníocaíochtaí breise aoisliúntais' ina n-áit in 2019 ata iníoctha ar rátaí athraitheacha. Tá pinsin agus íocaíochtaí cnapshuime gaolmhara faoi réir cánach freisin, rud a chuireann leis an gcastacht, go háirithe ag an bpointe ag a dtosaíonn íocaíocht phinsin.
- 7.85** Bíodh is go bhfuil struchtúr foriomlán an phinsin agus a chánachas casta, is cleachtadh teicniúil é a riaradh go bunúsach is féidir a shruthlíniú go héifeachtúil agus a rialú trí dheardh agus cur i bhfeidhm próisis éifeachtach. I gcás fhormhór na bpinsinéirí, is réasúnta simplí an fhaisnéis atá le bailiú agus na nithe atá le cinneadh, agus déantar íocaíochtaí de réir mar a fhoráiltear sa scéim ábhartha agus i gcomhréir leis an dlí cánachais ábhartha. I gcás ina n-éiríonn cúinsí neamhghnácha i gcásanna aonair, bíonn sásraí i bhfeidhm chun an polasaí agus na forálacha dlíthiúla a shoiléiriú.

- 7.86** Tharraing fiosrúcháin ó fhoinsí éagsúla in 2024 agus 2025 aird an NSSO ar earráidí a bhí tagtha chun cinn i ndáil le próiseáil pinsin catagóirí áirithe pinsinéirí. Chomh maith leis sin, agus faisnéis phárolla agus pinsin á riaradh do bhaill an Rialtais a bhí ag imeacht agus ag teacht isteach, shainaithin an NSSO go raibh forálacha áirithe de na socruithe sonracha párolla agus pinsin i bhfeidhm roimhe seo do bhaill de Dháil Éireann a cheaptar mar shealbhóirí oifige aireachta, agus a n-íoctar 'liúntas aireachta' leo sa bhreis ar a dtuarastal mar bhall de Dháil Éireann.

Barrachas cánach inmhuirir (CET) agus cáin shiarchoinneálach (WHT)

- 7.87** Sainaithníodh san iniúchadh ar chuntas leithreasa 2023 do Vóta 12 go raibh ganníocaíocht de dhliteanais CET leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith daoine áirithe tarlaithe, go príomha sna blianta 2017 go 2023. Sna cásanna sin, bhí dliteanais an CET ríofa, agus bhí pinsin na bpinsinéirí laghdaithe chun na dliteanais a íoc. Rinneadh nochtadh saorálach leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an nganníocaíocht, agus gearradh íocaíocht €2.3 milliún leis na Coimisinéirí Ioncaim ar Vóta 12 in 2024. Íocadh ús gaolmhar €0.47 milliún le Vóta 12 in 2024 freisin.
- 7.88** Sa bhliain 2025, aithníodh tuilleadh laigí i bpróisis an NSSO agus mar thoradh orthu sin níor ríomhadh CET agus/nó WHT ar dhul ar scor. Faoi thús mhí Iúil 2025, de bhun athbhreithnithe leanúnacha, bhí 19 gcás neamhríomha CET arbh ionann iad agus €1.4 milliún agus 19 gcás neamhríomha CHT arbh ionann iad agus beagnach €85,000 deimhnithe ag an NSSO agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí. I dtír chás, níor aithníodh dliteanais CET ná WHT nuair a próiseáladh an scor ar dtús.
- 7.89** Tá íocaíochtaí déanta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith 8 gcinn de na dliteanais a dearbhaíodh faoi CET agus 15 cinn de na dliteanais a cinneadh faoi CBL, arbh ionann iad agus thart ar €484,000 agus €53,000 faoi seach. Tá ús agus pionóis a bhaineann leis na dliteanais CET agus WHT seo de €105,000 agus €13,000, faoi seach, íoctha ag an NSSO agus curtha i leith Vóta 18. Tá na muirir seo á n-íoc as cistí vótáilte 2025.
- 7.90** Ba é an phríomhchúis leis na hearráidí i gcás nár ríomhadh an CET ná mainneachtain an NSSO cúis a shonrú le haghaidh ríomh dliteanas an CET a bhain le luach an phinsin, seachas le grád/céim an duine a bhí ag dul ar scor. Cé gur dócha go raibh an spreagadh 'gráid' a úsáideadh éifeachtach san am atá thart, tá luachanna tuarastail (agus pinsin) atá ag méadú le blianta beaga anuas tar éis níos mó fostaithe, ag gráid níos ísle, a thabhairt isteach sa ghréasán CET de réir a chéile.
- 7.91** D'fhéadfadh níos mó trédhearcachta sa chuntasaíocht do Vóta 12 — agus i ráitis airgeadais ábhartha eile — maidir le haitheantas féichiúnaithe CET agus aisghabháil na bhfiach (os cionn 20 bliain) ó íocaíochtaí pinsin comhlána béim a chur ar fáil chun an mhainneachtain dliteanais a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim a bheith aitheanta níos luaithe. Bheadh cuntasaíocht a dhéanamh ar íocaíochtaí pinsin i gcásanna CET ar bhonn 'caiteachas comhlán' níos comhsheasmhaí le prionsabail Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí freisin.

Pinsin aireachta, ranníocaíochtaí breise aoisliúntais (ASC) agus bronnadh tuarastail

- 7.92** D'aithin an NSSO fadhbanna mar gheall ar threoracha míchruinne maidir le pá agus pinsin aireachta a fuarthas ó aonaid AD na ranna áitiúla timpeall na tréimhse a bunaíodh an Rialtas i mí Eanáir/Feabhra 2025. Fuarthas amach gur eascair míthuiscint agus neamhréireacht sna haonaid acmhainní daonna i ranna airí as an mí-aicmiú roimhe seo ar ranníocaíochtaí pinsin aireachta agus as ríomh dliteanais ASC.
- 7.93** Tar éis athbhreithnithe fada ar airí agus ar oifigigh eile de ghrád níos airde, aithníodh tuilleadh míchruinnis i leithdháileadh ranníocaíochtaí pinsin agus rátaí ASC. Aithníodh saincheisteanna freisin maidir le cumraíocht chóras an NSSO maidir le ASCanna ar bhronnadh tuarastail. Tá an NSSO ag glacadh céimeanna chun cosc a chur ar earráidí den chineál seo tarlú amach anseo.
- 7.94** Amhail an 25 Iúil 2025, tá sé deimhnithe ag an NSSO go bhfuil 81 duine aonair buailte ag mí-aicmithe pinsin agus/nó ASC as ar eascair íocaíochtaí contráilte. Tá aisíocaíochtaí glana arb ionann iad agus €41,000 á ndéanamh do sheisear daoine aonair. Aithníodh ganníocaíochtaí ganna arbh ionann iad agus €394,000 le haisghabháil ó 75 duine aonair. Tá an NSSO i mbun oibre leis na daoine ábhartha chun pleananna aisíocaíochta agus aisíocaíochtaí féin a shocrú.


Próiseáil liúntas inphinsin d'fhostaithe páirtaimseartha

- 7.95** Go luath in 2025, d'aithin an NSSO go raibh an chaoi ar láimhseáil siad liúntais inphinsin tráth an scoir mícheart i gcás roinnt daoine aonair, rud a d'fhág nár íocadh go leor teidlíochtaí pinsin. Dar leis na tásca tosaigh, amhail an 11 Iúil 2025, bhí níos lú ná 2,000 pinsinéir páirteach sa tréimhse deich mbliana roimh a scor. Tá obair ar siúl chun líon na ndaoine atá buailte agus luach aon ghanníocaíochtaí a chinneadh.
- 7.96** Ós rud é nár gur thosaigh an NSSO ag déanamh pinsin in 2013 go díreach, beidh ar ranna aonair athbhreithniú a dhéanamh ar aon chásanna páirtaimseartha roimh an dáta seo.

Ag foghlaim ó na hearráidí a sainaithníodh

- 7.97** Léiríonn na trí ábhar thuas easpa tuisceana córasach ar chuid de na castachtaí laistigh de reachtaíocht phinsin na hearnála poiblí agus a hidirghaol le forálacha cánach. Ba cheart treoir, nuashonruithe agus maoirseacht thráthúil dhóthanach agus mhinic a bheith curtha ar fáil do na ranna agus riarthóirí ábhartha pinsean na hearnála poiblí i ndáil le gach gnó pinsin.
- 7.98** Ní mheastar go bhfuil tionchar airgeadais carnach na nithe a cinneadh go dtí seo ábhartha ar leibhéal vótaí aonair. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag na hearráidí ar phinsinéirí nó ar fhostaithe aonair. Mar a fhoráiltear i dtreoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, ní mór aon ghanníocaíocht nó ró-íocaíocht atá dlite do chomhlacht poiblí i leith tuarastail nó pinsin a aisghabháil a luaithis is féidir.

- 7.99** Tá athbhreithnithe NSSO ar siúl ar fad agus tá gníomh ceartaitheach á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí a sainaithníodh ina phróisis agus ina chórais. Tá iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an NSSO ar siúl freisin ó mhí Iúil 2025, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh gníomhartha ceartaitheacha mar thoradh air sin. Tá íocaíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim déanta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí — ó Vóta 12 — agus ag an NSSO ar nithe a deimhníodh go dtí seo. Féadfar socraíochtaí nó dliteanais bhreise a chinneadh ar bhonn na dtorthaí agus chainníochtú na gcúrsaí leanúnacha a bhfuil athbhreithniú a ndéanamh orthu ar fad.

Iarscríbhinn 7A Próiseas tosaithe pinsin NSSO agus próiseas pinsin 19 gcéim^a

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Léiríonn na míreanna atá aibhsithe i ndath liath na céimeanna nár glacadh agus a d'eascair neamhnochtadh agus/nó neamhíocaíocht dliteanas CET agus WHT.
 - b Tagraíonn AD áitiúil don aonad AD den chomhlacht a d'fhostaigh an duine aonair.
 - c Seasann CMS do chóras bainistithe cáis.
 - d Seasann HRSS d'aonad seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna.
 - e Tá ríomh CET á dhéanamh don ghrád Rúnaí Cúnta agus os a chionn ó 1 Meitheamh 2024. Dhearbhaigh an NSSO, ó mhí Lúnasa 2025 i leith, go ndéantar seiceáil anois ar dhliteanais CET agus WHT ar gach pinsinéir, beag beann ar a ngrád.

Iarscríbhinn 7B Rátaí ASC

Ní ghearrtar an ASC ach ar luach saothair inphinsin agus bíonn rátaí difriúla i bhfeidhm ag brath ar cé acu an ball de scéim pinsin chaighdeánach fhabhráithe (roimh 2013), scéim pinsin thapa fhabhráithe nó scéim pinsin aonair na seirbhíse poiblí é/í.

Ball de scéim pinsin fhabhráithe chaighdeánach (roimh 2013)

Tairseach 2019+	Tairseach 2020+	Ráta
€0 go dtí €32,000	€0 go dtí €34,500	Díolmhaithe
Os cionn €32,000 go dtí €60,000	Os cionn €34,500 go dtí €60,000	10%
Os cionn €60,000	Os cionn €60,000	10.5%

Ball de scéim pinsin fhabhráithe tapa

Tairseach 2019+	Ráta
€0 go dtí €28,750	Díolmhaithe
Os cionn €28,750 go dtí €60,000	10%
Os cionn €60,000	10.5%

Ball den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair (ó 2013)

Tairseach 2019+	Ráta	Tairseach 2020+	Ráta
€0 go dtí €32,000	Díolmhaithe	€0 go dtí €34,500	Díolmhaithe
Os cionn €32,000 go dtí €60,000	6.66%	Os cionn €34,500 go dtí €60,000	3.33%
Os cionn €60,000	7%	Os cionn €60,000	3.5%

Foinse: Publicservicepensions.gov.ie

